Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12352/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0206(BUD)

FIN 1006

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2025 |

**IARSCRÍBHINN**

2025/0206 (BUD)

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2025

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[1], agus go háirithe Airteagal 44 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

– glacadh buiséad an Aontais don bhliain airgeadais 2025 go cinntitheach an 27 Samhain 2024[2];

– thíolaic an Coimisiún togra, an 4 Iúil 2025, ina raibh dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta don bhliain airgeadais 2025;

---

1 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

2 IO L, 2025/31, 27.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/budget/2025/31/oj.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal aonair*

Rinneadh an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2025 a ghlacadh an 16 Meán Fómhair 2025.

Tá an téacs iomlán[1] ar fáil le haghaidh comhairliúcháin nó le híoslódáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle: https://www.consilium.europa.eu/ga/documents/public-register/public-register-search/.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Meán Fómhair 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

---

1 12353/25 + ADD 1.